

Tithe Cois Farraige: Réamhobair

A Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard é do sheoladh baile?
- Déan cur síos ar do theach ón taobh amuigh.
- Cá bhfuil an teach suite? Bain úsáid as an bhfoclóir thíos, más gá.

Tá teach s'againne suite...

faoin tuath	in eastát tithíochta	i mbruachbhaile
i lár na cathrach	ar imeall na cathrach	ar bhruach na habhann
i lár an bhaile	i bhfad ón mbaile mór	cois farraige

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

i mbruachbhaile	<i>an apartment</i>
árasán	<i>a two-storey house</i>
gairdín tosaigh	<i>in a suburb</i>
teach leathscoite	<i>a front garden</i>
teach saoire	<i>a terrace house</i>
tithe sraithe	<i>a holiday home</i>
teach dhá stór	<i>a semi-detached house</i>

C Líon na bearnaí.

1. Tá cónaí ormsa i d_____ in eastát tithíochta i gCaisleán an Bharraigh agus tá an cara is fearr atá agam sa saol ina chónaí béal dorais.
2. Tá an t-ardaitheoir briste agus tá orm cúig staighre a shiúl le dul go dtí m'_____!
3. Is breá liom na _____ atá le feiceáil ar an gCladach i nGaillimh – tá na dathanna difriúla go hálainn!
4. B'fhéarr liomsa i bhfad a bheith i mo chónaí i d_____ ná i mbungaló – is maith liom an radharc as mo sheomra codlata!
5. Tá turas fada ar m'athair agus é ag dul ag obair i lár na cathrach ar maidin mar tá muid inár gcónaí _____ agus bíonn an trácht go dona.
6. Tá _____ beag gleoite ag mo sheanmháthair – tá bláthanna áille curtha aici ann agus feiceann gach duine iad.
7. Téann muid siar go Ciarraí gach samhradh agus fanann muid i d_____ le m'uncail ansin.

*Tithe Cois Farraige: Mír a hAon***A****Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.****1. Cén post atá ag Tarla?**

- Is ailtire é
- Is tógálaí é
- Is dearthóir intí é

2. Cén úsáid a bhaintear as ‘Teach na Muice’?

- Is teach cónaithe atá ann do chlann mhór
- Is teach taispeána atá ann
- Is teach saoire atá ann

3. Cén buntáiste atá leis an gcúntar i lár an tseomra? [dhá rud]

- Is féidir leat an radharc a fheiceáil
- Is féidir leat labhairt le do chairde
- Is féidir leat an teilifís a fheiceáil

4. Céard é an seomra beag sa teach?


- seomra codlata na bpáistí
- an seomra teilifíse
- an seomra spraoi

5. Cén fáth a ndeir an láithreoir go bhféadfai neart machnaimh a dhéanamh sa teach?

- Mar tá an ceantar, na radhairc agus an áit ciúin
- Mar tá an spás deas oscailte
- Mar gheall ar áilleacht na timpeallachta

B**Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.**

- Cé mhéad seomra atá i do theachsa?
- Déan cur síos ar:
 - do chistin
 - do sheomra codlata
 - do sheomra súi
- Céard é an seomra is fearr leat sa bhaile? Cén fáth?
- An bhfuil tú i do chónaí gar do do ghaolta agus do do chairde?
- An bhfuil tú i do chónaí in aice le háiseanna aclaíochta agus siamsaíochta?

*Tithe Cois Farraige: Mír a Dó***A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Cén saghas dín atá ar an teach?** Díon féiliceáin atá air Díon tuí atá air Díon maol atá air**2. Céard é an príomhrud a bhí in intinn na n-úinéirí nuair a tógadh an teach?** caomhnú na timpeallachta riachtanais an teaghlaigh ceadúnas pleanála**3. Céard a cheapann Pat faoi gach teach a thógann ailtirí dóibh féin?** Bíonn gach balla bán Bíonn siad in iomaíocht le chéile Is breá leo dathanna éagsúla a úsáid**4. Céard a thugann ‘beocht agus fuinnimh’ don áit, dar le Síle?** na dathanna difriúla na radhairc áille as gach seomra an plean oscailte atá ag an teach**5. Céard é an príomhrud speisialta faoin seomra codlata, dar le Pat?** an dath láidir atá ar na ballaí cruth an tseomra an radharc

B Meaitseáil an troscán thíos leis an seomra cuí.

tolg	leaba	cuisneoir
teilifís	vadrús	deisc
cathaoir uillinn	cófra cois leapa	seilfleabhar
cófraí bia	reoiteoir	meaisín níocháin
ríomhaire	triomadóir	cith
seinnteoir dlúthdhioscaí	leithreas	tarraiceán
boirdín íseal	sorn	scáthán
cúntar		folcadán

SEOMRA BIA / CISTIN	SEOMRA SUÍ / SEOMRA SPRAOI	SEOMRA FOLCTHA	SEOMRA CODLATA

C Rólimirt.

Samhlaigh go bhfuil tú ag obair mar ghníomhaire eastáit agus go bhfuil na daoine thíos ag iarraidh comhairle ort maidir le lóistín a bheadh feiliúnach dóibh. Cuimhnigh ar na riachtanais atá acu agus déan moltaí maidir leis na rudaí a theastaíonn uathu.

A – grúpa daoine óga ag cuardach lóistín don bhliain ollscoile

B – pinsinéirí ag lorg áit chónaithe fheiliúnach do dhaoine aosta

C – lánúin óg le beirt pháirtí faoi sheacht mbliana

D – bean phroifisiúnta atá ag lorg áit shuaimhneach le dul ar an deireadh seachtaine



Tithe Cois FARRAIGE: Mír a Trí

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Céard a chuir iontas ar Shíle nuair a tháinig sí isteach sa teach i dtosach?

- Chomh gar is atá an teach don fharráige
- Chomh mór is atá an príomhspás
- Na dathanna difriúla ar na ballaí

2. Cén fáth a raibh deacracht ag an ailtire le tairbhe a bhaint as teas na gréine?

- Mar tá an seomra suí dírithe ó thuaidh
- Mar nach bhfuair siad cead pleanála do na fuinneoga móra i dtús ama
- Mar nár thaitin fuinneoga sa dion leis na húnéirí

3. Cén radharc atá le feiceáil amach an fhuinneog bheag ar thaobh an tseomra? [dhá rud]

- na Beanna Beola
- báid
- seanteach
- an príomhbhóthar
- Árainn

B Ag díol tí.

Le do ghrúpa, lig ort féin go bhfuil tú ag díol ceann de na tithe a chonaic tú sna míreanna. Ullmhaigh fógra ag déanamh cur síos mealltach ar an teach agus na pointí thíos san áireamh agat. Bain úsáid as do shamhlaíocht le cur leis!

- cá bhfuil an teach lonnaithe
- áilleacht an cheantair
- stíl an tí
- áiseanna an tí
- leagan amach na seomraí
- rud éigin as an ngnách faoin teach
- cé dó a bhfheilfeadh an teach

Nótaí